# An tAerfort

Chuaigh Tomás agus Daidí go dtí an t-aerfort. Bhí Uncail Liam ag teach abhaile ó Londain. Ag an aerfort chonaic Tomás an **foirgneamh mór.** Chuaigh sé suas go dtí an **bhalcóin.** Chonaic Tomás eitleáin ar an **rúidbhealach.** Bhí eitleán le hAer Lingus **thuas** sa spéir. Tháinig sé **anuas** ar an rúidbhealach. D'oscail **an t-aeróstach** an doras. Shiúil na **paisinéirí** síos an dréimire. Chonaic Tomás **an píolóta.** Bhí **éide dhubh** air agus **caipín píce** ar a cheann. Chonaic Daidí Uncail Liam ansin. Chuaigh siad abhaile sa charr.

**Foclóir:**

| | |
|---|---|
| **foirgneamh,** building | **aeróstach,** air hostess |
| **balcóin,** balcony | **dréimire,** ladder (steps) |
| **rúidbhealach,** runway | **píolóta,** pilot |

**A. Líon isteach na bearnaí:**
foi—gneamh, an bha—có—n, r—idbheal—ch, eitl— —n, aer—st—ch, pai—iné—rí, p—ol—ta.

**B. Líon isteach na bearnaí:**
1. Bhí Uncail — ag teacht — ó Londain.
2. Chuaigh sé — go dtí an bhalcóin.
3. Chonaic Tomás — ar an rúidbhealach.
4. Shiúil na — síos an dréimire.
5. Chonaic — Uncail Liam —.

**C. Scríobh amach an freagra ceart:**
1. Cad a bhí thuas sa spéir?
   — éan.
   — eitleán.
   — scamall.
2. Cá raibh na heitleáin?
   — thuas sa spéir.
   — ar an bhfoirgneamh mór.
   — ar an rúidbhealach.
3. Cé a d'oscail an doras?
   — an píolóta.
   — Uncail Liam.
   — an t-aeróstach.

**D. Freagair na ceisteanna:**
1. Cé a chuaigh go dtí an t-aerfort?
2. Cén fáth?
3. Cad a bhí ar an rúidbhealach?
4. Céard a rinne na paisinéirí?
5. Cén saghas éide a bhí ar an bpíolóta?
6. Conas a chuaigh siad abhaile?

**Gramadach 25**
(i) **Foghlaim:**

THUAS

ag dul suas

ag teacht anuas

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Tá eitleán **thuas** sa spéir.
1. Tá Seán — ar an mbalcóin.
2. Tá an t-eitleán ag teacht — ón spéir.
3. Ritheamar — go dtí an bhalcóin.

(ii) Cuir **ag teacht** agus **ag dul** in abairtí:
**Sampla:** Tá mé **ag teacht** ar scoil anois.